



Márta 2020 Go Raibh Maith Agaibh

Tá deireadh tagtha anois leis na cnuasimeachtaí ábhar do 19/20. Thosaigh siad ar 4 Samhain anuraidh agus bhí 117 cnuasimeacht ina raibh 700+ scoil rannpháirteach. D'éascaigh muid 1,620 ceardlann aonair ar fhreastail 27,848 múinteoir orthu, agus is 336 scoil agus 20 ionad oideachais a d'óstáil an méid sin. Go raibh maith agaibh as bhur dtacaíocht agus as bhur rannpháirtíocht.

Seimineáir Ghréasáin

Tá SEACHTAINÍ SEIMINEÁIR GHRÉASÁIN ar ais! Táimid ag óstáil sraith de sheimineáir ghréasáin roghnacha sna seachtainí atá romhainn chun cabhrú le múinteoirí i réimsí éagsúla den tsraith shóisearach. Beidh dhá sheimineár ghréasáin éagsúla gach oíche thar thréimhse trí seachtaine: Seachtain 1: Márta 23ú -26ú; Seachtain 2: Márta 30ú -4ú Aibreán Seachtain 3: Aibreán 20ú-23ú. Beidh ceithre sheimineár ghréasáin is fiche ann. Beidh rud ann a oireann do gach duine. Cliceáil ar an nasc thíos chun teacht ar liosta iomlán de na seimineáir ghréasáin agus de na sonraí clárúcháin.



An t-eagrán seo

Ceardlann Ceol Cruthaitheach	Ich.2
Seachtainí de sheimineáir gréasáin	Ich.3
Cláir Foghlama Leibhéal 2	Ich.4
Forám Comhalach 2020	Ich.6
Teicneolaíochtaí	Ich. 8
Oideachas Réiligiúin	Ich.10
Acmhainní	Ich.11

Fáilte go dtí Eagrán 18 de JCToday

Tréimhse nach bhfacthas a leitheid riamh roimhe. Sin an t-aon bhealach chun cur síos dáiríre ar an gcás paindéimeach reatha ina bhfuil muid, agus mé ag clóscríobh an réamhrá seo. Oiread athruithe a thagann ar an domhan seo againn laistigh d'am gairid; iompaítear ár saol pearsanta bunoscinn gan fiú trácht ar ár saol gairmiúil. I gcomhthéacs scoileanna a bheith á ndúnadh in aghaidh an phaindéim, chun an cuar a mhaolú, tá dúshlán shuntasacha os comhair ár gcóras oideachais – ón réamhscoil suas go dtí an tríú leibhéal agus ina dhiaidh sin. Caithfidh muid gan ach ard-mheas a bheith againn dár scoileanna, ceannairí scoile, múinteoirí agus daoine eile nach iad, agus iad ag déanamh a seacht ndíochill 'an fhoghlaim a choinneáil ag dul'. Is tréimhse dhúshlánach í seo, ach is mór againn uile díogras na n-oiliúnaithe chun tacaí ábhartha, comhairle agus leanúnachas áirithe a chur ar fáil do chomhghleacaithe agus do scoláirí araon ar an aimsir seo.



D'athraigh paindéim Covid19 freisin an dóigh a n-oibrímid anseo ag SSM. Cuireadh ar ceal gach ceardlann FGL aghaidh ar aghaidh idir chroícheardlanna agus cheardlanna roghnacha as seo go ceann tamaill. Ba é an rud ceart le déanamh. Tá an fhoireann uile againn 'den bhóthar' agus ag obair ón mbaile. Mar sheirbhís tacaíochta scoileanna, bheadh taithí ag an bhfoireann againn a bheith ag obair sa bhaile, ach ní ar bhonn leanúnach. Tá sé tábhachtach d'fhoireann SSM, mar atá sé don uile dhuine againn, fanacht i dteagmháil. Tugann ár gcórais TF mar aon le modhanna eile deis dúinn a leitheid sin a dhéanamh. Bíonn cruinniú beo ar líne againn anois níos minice agus táimid ag leanúint leis an obair, fiú amháin agus cúinsí an tsoil mar atá. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don fhoireann uile againn – an fhoireann bhainistíochta, na ceannairí foirne, na comhairleoirí, na comhlaigh agus an fhoireann riaracháin araon – as a dtiomantas agus a ndíograis, agus as a bheith solúbtha lena gcuid ama. Tá mé féin ag súil go mór leis an lá a bheidh muid uile in ann bualadh le chéile arís agus lámh a chroitheadh. Go dtí sin, beimid ag leanúint chomhairle na n-údárás sláinte. Is é sin an rud ceart le déanamh.

Faoi láthair, is ar líne amháin a bheidh seirbhísí SSM ag feidhmiú. Tosaíonn seachtainí na seimineár gréasáin - #JCTWOW – an tseachtain seo (Dé Luain 23 Márta 2020) agus leanfaidh siad orthu ar feadh trí seachtaine thar bhriseadh na Cásca. Mar chuid den imeacht seo, tá rud eigin ann do na múinteoirí uile agus iarraim ar oiread daoine agus is féidir clárú agus a bheith linn don imeacht seo. Tá méadú ag teacht in aghaidh an lae ar líon na múinteoirí a chláraíonn. Is é an suíomh gréasáin againn www.jct.ie i dtólamh an taisclann do gach rud a bhaineann leis an tsraith shóisearach agus beidh teacht ansin ag múinteoirí ar réimse áiseanna agus acmhainní úsáideacha. Tá plean teagmhais a thiocfadh teacht i bhfeidhm á ullmhú againn faoi láthair chun tacaí breise a chur sa spás ar líne, lena n-áirítear 'glantóireacht mhór an earraigh' ar an suíomh gréasáin againn, seimineáir ghréasáin bhreise a chraoladh agus tuilleadh oibre a dhéanamh ar an togra podchraoltaí a sheol muid le deireanas. Tá bealach a fhiosrú againn conas a d'fhéadfaimis FGL roghnach aghaidh ar aghaidh a bhí beartaithe cheana féin a bhogadh isteach sa spás ar líne.


Anois agus an scéal mar atá tá, iarraim oraibh uile an chomhairle ó shuíomh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a leanúint agus súil a choinneáil ar shuíomh na Roinne Oideachais agus Scileanna chun an nuacht is deireanaí a fháil. Fanaigí slán sábháilte agus tugaimis aire dá chéile san am corrach seo.

An Dr. Pádraig Kirk
Stiúrthóir

Chun smaointe a athmhúscailt le ceol a chruthú i do sheomra ranga, cliceáil ar an íomhá thíos agus breathnaigh an seimineár gréasáin againn ó Aibreán 2019 dar teideal **‘Ag Cruthú agus ag Fiosrú i gCeol na Sraithe Sóisearaí’**



Cuireadh síneadh leis an spriocdháta go dtí 29 Bealtaine 2020 do **“Cén scéal atá agat?”**. Tá an fhoirm ar fáil anseo



TADHLAITHE ..á gcur i láthair –Sraith podchraoltaí ó fhoireann Matamataice SSM a bheas ar fáil go luath.



Ceardlann Chruthú Ceoil

D’éascair an cheardlann roghnach dhá uair an chloig seo, a bhí mar dhlúthchuid den chlár Ealaíona sa tSraith Shóisearach, mar fhreagra díreach ar aiseolas ó mhúinteoirí Ceoil. Tharla an ceithre cheardlann is fiche ar fud na tíre agus d’fhreastail corradh le ceithre chéad múinteoir ceoil orthu. Agus teicneolaíochtaí digiteacha foghlama in úsáid acu, bhíothas ag iarraidh sa diancheardlann seo straitéisí oideolaíochtaí a fhiosrú chun cabhrú le ceol a chruthú, smaointe cruthaitheacha a fhorbairt trí dhul i ngleic le gnéithe eile de chúrsa na Sraithe Sóisearaí agus taithe a fháil ar an bhfoghlaim seo trí bhogearraí trasardáin agus earraí crua seachtracha a úsáid.

D’fhiosraigh múinteoirí an fhoghlaim seo trí dhul i ngleic le trí cheann deag de na sé thoradh is tríocha, a ndearna ceann amháin acu tagairt go follasach don teicneolaíocht. Bhí réimse gaireas de gach cruth, méid agus cineál i gceist ina measc ríomhairí glúine, iPad, gutháin, crómleabhair agus ríomhairí glúine. Cuireadh ríomhphost chuig rannpháirtithe lena chur i gcuimhne dóibh roimh gach ceardlann go dtabharfadh siad cluasáin, gaireas iomlán luchtaithe agus na bogearraí cuí isteach leo, iad uile uaslódáilte agus sínithe isteach réidh le húsáid.

D’fhiosraigh muid rithim, séis, cordaí agus próiseáil FX (éifeachtaí) trí bheith ag éisteacht, ag taibhiú, ag cruthú agus ag freagairt. Chuaigh muid i ngleic le Cén fáth, Cad é agus Cén chaoi ón gCreat Straitéiseach Digiteach, d’fhoghlaim muid trí dhath agus d’fhiosraigh muid cén dóigh chun samhail chruinn fuaim a thairgeadh. Áirítear ar na bogearraí ardáin gréasánbhunaithe, pacáistí nodaireachta, seicheamhóirí, taifeadáin fuaim agus stáisiúin oibre agus físeagarthóirí. Pléadh freisin cineálacha éagsúla micreafón agus an dóigh chun ‘stiúideo taifeadta’ (*muna miste leat!*) a shocrú ag cúl sheomra ranga an cheoil!

Bhí gach duine ar aon intinn gur cheardlann bhríomhar spleodrach a bhí ann ar éirigh thar barr léi mar gheall ar bhail a bheith ag cosaint agus ag roinnt dea-oideolaíochta, an t-atmaisféar suaimhneach agus *‘gan eagla ar dhaoine triail a bhaint as’* agus an rud a b’fhearr a tháinig as gur *‘sa ghníomh a bhíonn an fhoghlaim’*.



Gabhaimid buíochas leis na hIonaid Oideachais, leis an mbainistíocht sinsir agus le múinteoirí ceoil in Iar-bhunscóil Chnoc Cairmíel, Áth Cliath, Coláiste Doiminiceach, Gaillimh, Coláiste Chill Chainnigh, Coláiste Dháibhéid, Caisleán an Bharraigh agus le Jean agus Melissa in Acadamh Domhanda na hÉireann, Ollscoil Luimnigh.

Tá an cur i láthair cumhachtphointe agus leabhrán acmhainní ar fáil anois ar an suíomh gréasáin againn [anseo](#). Tá teacht ar fhíseán rannpháirtíochta [anseo](#). Is cúis áthais dúinn tuairisciú fosta go bhfuilimid ag cur leis an tsraith acmhainní ‘Cén chaoi chun...’ agus is féidir iad a íoslódáil [anseo](#).

Is féidir fanacht ar an eolas faoi na forbairtí is deireanaí i gCeol na Sraithe Shóisearaí trí chlárú lenár liosta seoltaí [anseo](#). Buíochas ó chroí leis na múinteoirí ceoil as ar son tráthnóna spráúil spreagúil foghlama.

Leanaigí leis an gcomhrá.

Foireann Cheoil SSM



Seachtainí de Sheimineáir Ghréasáin

Seachtain 1: Dé Luain 23 Márta 2020

Stair- Stair do GACH DUINE: An Seomra Ranga Staire Uileghabhálach

OSSP – Tuairisciú Éifeachtach ar OSSP laistigh den Fholláine

Dé Máirt 24 Márta 2020

Tíreolaíocht – Ag Ullmhú do MRB 2: Mo Thíreolaíocht Agus an Cruinniú AFMÁ

Staidéir Ghnó – Intinní Foghlama Agus Critéir Ratha I Seomra Ranga an Staidéir Ghnó

Dé Céadaoin 25 Márta 2020

Béarla – Reconnecting With Reading – Exploring Graphic And Audio Texts In Junior Cycle English

Eolaíocht – Measúnú a Úsáid chun Dúshraith Láidir a Thógáil – Coincheap a Fhorbairt sa Domhan Ceimiceach

Déardaoin 26 Márta 2020

Gaeilge T2 - Téacsanna agus tascanna: An Litríocht mar shíol an eispéiris fhoghlama

NTI– Fiosrach Faoi Cheisteanna?

Clliceáil ar na naisc chun clárú. Agus tú cláraithe seolfar r-phost lena chur i gcuimhne duit sula mbeidh an seimineár gréasáin ann.

Seachtain 2: Dé Luain 30 Márta 2020

Innealtóireacht – Fadhbréiteach Cuspóirdhírthe in Innealltóireacht na Sraithe Sóisearaí

Teicneolaíocht Adhmaid – Intreoir ar Cheird an Lúbtha agus an Lannaithe trí Thasc Dearaidh an Scoláire

Dé Máirt 31 Márta 2020

Mata – Matamaitic agus a Bheith Cruthaitheach

CO – Tuairisciú Éifeachtach ar CO laistigh den Fholláine

Dé Céadaoin 1 Aibreán 2020

Teicneolaíocht Fheidhmeach- An Áit chun Tosú agus Treoir Dhearaidh á Fiosrú i Seomra na Teicneolaíochta Feidhmí

Grafaic – Graificí A Chur i nGníomh

Déardaoin 2 Aibreán 2020

eacnamaíocht Bhaile – Machnamh ar ár dTuras trí MRB 1 san Eacnamaíocht Bhaile: Teicstíil Cruthaitheacha, Peirspictíochtaí na Múinteoirí

Gaeilge T1 - Téacsanna agus tascanna: An Litríocht mar shíol an eispéiris fhoghlama

Seachtain 3: Dé Luain 20 Aibreán 2020

Guth an Scoláire – Guth an Scoláire i gCroílár na Foghlama agus Saol na Scoile

Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha – Intreoir ar Ghearrchúrsa ar Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha

Dé Máirt 21 Aibreán 2020

CFL1anna/CFL2nna– CFL1anna Agus CFL2nna Á gCur i nGníomh I Scoileanna

Ceannaireacht – An Clár Folláine a Threorú agus a Bhainistiú: Comhrá le Ceannairí Scoile

An Léann Clasaiceach – An Léann Clasaiceach Sa Seomra Ranga

Dé Céadaoin 22 Aibreán 2020

Amharc-Ealaín– Focás ar Obair a Fhorbairt i Seomra Ranga na hAmharc-Ealaíne

Ceol – Comhoibriú– Cruthú - Machnamh


Déardaoin 23 Aibreán 2020

CSPE– Tuairisciú Eifeachtach ar CSPE laistigh den Fholláine

Oideachas Reiligiún – Seomra Ranga Lán Taighde

Beidh taifid agus acmhainní na seimineár gréasáin ar fáil ag www.jct.ie i ndiaidh an imeachta

Tá leasainmneacha twitter ag SSM chun tacú le múinteoirí



Cláir Foghlama Leibhéal 2

Labhraíonn Rachel Ryan, Múinteoir Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) ag Meánscoil na Trócaire, Baile Uí Mhatháin faoina rannpháirtíocht le Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna).

MERCY SECONDARY SCHOOL



BALLYMAHON

Nuair a d'oscail muid an rang speisialta s'againn do pháistí a bhfuil uathachas orthu in 2016 ag Meánscoil na Trócaire, Baile Uí Mhatháin, ní raibh muid ag súil riamh leis an athrú ó bhonn a thiofadh trí rang speisialta a bheith sa scoil againn.

Thug muid Narnia ar an seomra ranga, cionn is go bhfuil an chuma cheánna air le gach seomra eile ón taobh amuigh, ach a luaithe is a théann tú isteach, is domhan eile é i dtéarmaí oideachasúla.

Is deas an deis a fháil ceithre bliana níos faide chun tosaigh machnamh ar an turas. Is luath a thuig muid nach mbeadh an curaclam traidisiúnta in inmhe freastal go hiomlán ar riachtanais an tseisir scoláirí nua againn, agus mar sin de, chuaigh mé a lorg curaclam níos leithne a dhéanfadh cúram de riachtanais an scothghrúpa daoine óga seo a raibh dúil acu a bheith ar scoil agus a bhain sult as a bheith ag foghlaim.

Bhain beirt den seisear amach na critéir chun Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) a leanúint agus mar sin de rinne mé taighde ar an gclár agus ghlac páirt i bhforbairt ghairmiúil leanúnach a cuireadh ar fáil dúinn ag foireann ón tSraith Shóisearach do Múinteoirí (SSM).

Thuig mé láithreach ní amháin gur chomhlíon na hAonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) a cuireadh ar fáil sna CFL2nna riachtanais beirt de na scoláirí ach go raibh siad oiriúnach do gach duine den seisear scoláirí sa rang. I ndiaidh eispéireas gairmiúil foghlama a bheith agam, shuigh muid síos leis na scoláirí s'againn agus shocraigh muid clár ama a d'oibreadh do gach duine acu.

Ba chlár ama é a chomhlíonfadh na riachtanais acadúla acu, a d'fhorbródh a gcuid scileanna sóisialta agus scileanna saoil agus a riarfadh ar an réim chéadfach chomh maith.

D'fhreastail na scoláirí s'againn uile ar cheachtanna príomhshrutha, agus rinne cuid acu ábhair ag leibhéal 3 agus bhí cuid eile ag obair ar ATFanna as na CFL2nna ina gcuid ceachtanna príomhshrutha. Bhí dúil ag na múinteoirí sna hATFanna de bhrí go raibh siad ag teacht a bheag nó a mhór le sonraíochtaí leibhéal 3 agus chabhraigh sé sin le scoláirí neamhspleáchas níos mó a bhaint amach.

Nuair a d'fhill na scoláirí ar Narnia, d'oibrigh muid trí na ATFanna a d'oir do chomhthéacs an ghrúpa bhig amhail Ullmhú don Obair agus Ag Máireachtáil sa Phobal. Thaitin an phleanáil liom óir bhí deis agam a bheith níos cruthaithí ná a bhí mé riamh le rang príomhshrutha.

Agus mé ag pleanáil, is maith liom a bheith ag obair ar bhonn téamach. Roghnaím téama agus oibrím leis thar na cúig aonad den chlár, ag comhlíonadh Torthaí Foghlama éagsúla ó gach ceann de Ghnéithe na nATFanna agus san am céanna príomhscileanna chlár SSM a bheith i gcoirlár na foghlama.



CFL2nna

Saincheaptar Torthaí Foghlama don scoláire aonair agus bíonn siad ag brath ar riachtanais, láidreachtaí agus ábhair spéise mar atá leagtha amach i gComhad Tacaíochta an Scoláire. Bíonn sé spráil an curaclam a phleanáil agus a sheachadadh ar an mbealach seo.

Is áit shona í Seomra Narnia do na múinteoirí uile agus is breá leis na scoláirí é, mar tugann sé deis dóibh tacaíocht a fháil ar bhonn uileghabhálach. Ba é modúl na Nollag an modúl is rathúla go dtí seo. Déanann ár scoláirí dinnéar na Nollag iomlán a phleanáil agus a chur ar fáil do na múinteoirí, don phríomhoide, don leas-phríomhoide agus dóibh féin. Cuimsíonn sé sin oiread sin ATFanna de chuid na CFL2nna.

Déanaimid an biachlár a phleanáil, cruthaímid agus cuirimid amach na cuirí, ordáimid earraí s'againn ar líne, maisímid an seomra, déanaimid plean suíochán, déanaimid siopadóireacht le haghaidh rudaí breise sna siopaí áitiúla agus ansin déanaimid an dinnéar a chocaráil agus a thabhairt amach ar an lá.


Eagraíonn na scoláirí díolachán cistí lena gcairde príomhshrutha chun an t-imeacht a mhaoiniú agus ansin déanann gach scoláire leabhrán tionscadail a léiríonn an rannpháirtíocht agus an fhoghlaim. Déanann siad físeán den ócáid freisin agus cuireann in eagar é do shuíomh gréasáin na scoile.

Gach bliain déanaimid an modúl arís sa dóigh is go mbeidh an fhoghlaim leabaithe faoin am a mbaineann siad an Tríú Bliain amach. I mbliana, d'oscail muid an dara seomra speisialta do scoláirí a bhfuil uathachas orthu agus tugadh Bláthú air, rud a chiallaíonn deis chun fás mar bhláth agus tá scoláirí a rinne CFL2nna cheana féin ag treorú na foghlama ar mhodúl na Nollag do na scoláirí nua CFL2nna againn.




Rinne ár gcuid scoláirí ó Narnia Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a cheiliúradh agus tá clár na hIdirbliana á cur i gcrích acu anois agus tá siad ag baint sult as na ceachtanna príomhshrutha, na turais agus an taithí oibre.

Tá mé féin ag suil go mór le clár leasaithe na Sraithe Sinsearaí agus mar sin leanann mo thuras ar aghaidh agus clár scoilbhunaithe á dhearadh agam a thógfaidh agus a chothóidh suim na scoláirí foghlaim ar bhealach sona uileghabhálach.

Rachel Ryan
Múinteoir RSO
Meánscoil na Trócaire
Baile Uí Mhatháin



Leasainmneacha
Twitter againn chun
tacú le múinteoirí



ASSOCIATE FORUM 2020 KILDARE EDUCATION CENTRE

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior **CYCLE**
for teachers

CPD Design 2020
Associate Voice

Tionóladh Fóram na gComhlach in Ionad Oideachais Chill Dara Dé Sathairn, 25 Eanáir 2020. Bhí an Dr Pádraig Kirk, Stiúrthóir SSM, i láthair ón mbainistíocht shinsearach agus bhain sé taitneamh as plé neamhfhoirmiúil, ach bhí plé domhain ann leis na Comhlaigh agus le haíonna chomh maith.

Thug an cruinniú deis iontach do Chomhlaigh aithne a chur ar dhaoine eile atá ag obair ar fud na réimsí éagsúla ábhar, clár foghlama L1 / L2 agus don Scoil Uile. Bhí fócas ar leith ar an lá ar léargas uathúil an Chomhlaigh ar dheardh an FGL do 2020 / 2021. Tá an Comhlach suite go maith go háirithe ina dtuiscint ar riachtanais FGL sa todhchaí, ó dhearcadh múinteora reatha agus ó dhearcadh éascaitheora araon.

Rinne comhlaigh suirbhé mionsonraithe ar líne agus d'oibrigh siad go comhoibríoch ar ghníomhaíocht mhata boird a thug deis dóibh dul go domhain i ngleic leis an gceist cad ba cheart nó nár cheart a chur san áireamh mar chuid den FGL do 2020 / 2021. Rinneadh sonraí ón dá ghníomhaíocht a thiomsú agus beidh siad mar bhonn agus taca do dheardh FGL don bhliain acadúil atá le teacht.



Patricia McDonagh, iar-phríomhoide
Phobalscoil Mhullach Íde

D'fhreastail Donal Evoy, Leas-Phríomhoide reatha (LP) Mheánscoil Oideachas Le Chéile Chill Mhantáin agus Stacy Kenny, LP Choláiste Éamann Rís, Baile Bhlainséir ar an lá freisin.

D'oibrigh Donal agus Stacy roimhe seo mar Chomhlaigh le SSM. Bhain baill an Fhórait taitneamh as seisiún tarraingteach C&F ina ndearna muid iniúchadh ar na bealaí ar imir a gcuid oibre mar Chomhlaigh tionchar suntasach fadtéarmach ar a ról mar oideachasóirí.

Rinne siad cur síos ar na hócáidí is taitneamhaí agus is dúshlánaí dá raibhacu mar chomhlaigh agus an tacar sainscileanna a d'fhorbair siad dá bharr.



I gcomhar le tionscnamh Ealaíon na Sraithe Sóisearaí, is cúis áthais d'fhoireann Teicneolaíochta JCT4 a bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe Tionscail agus Tríú Leibhéal, Dolmen agus GMIT, chun sraith de cheardlanna roghnacha spreagúla a fhorbairt.



Ar an 9 Bealtaine in Ionad Oideachais Laoise agus an 16 Bealtaine in Ionad Oideachais Dhroim Conrach, beidh ceardlanna á reáchtáil againn le Dolmen, cuideachta dearadh táirgí agus nuálaíocht táirgí. Sa cheardlann seo, tabharfaimid múinteoirí trí shraith gníomhaíochtaí praiticiúla taighde agus deartha. Beidh taithí ag múinteoirí ar an bpróiseas deartha agus iad i mbun gnímh agus rachaidh siad i mbun straitéisí deartha a úsáidtear sa tionscal.

Forám na gComhlach 2020

San iarnóin, tháing Patricia McDonagh, iar-phríomhoide Phobalscoil Mhullach Íde, chugainn. Labhair Patricia go paiseanta faoi fhís agus faoi phrionsabail na Sraithe Sóisearaí. Rinne sí tagairt d'údair a spreag a turas san oideachas ar nós William Glasser agus Ken Robinson.

Rinne muid iniúchadh ar dhé-ról éilitheach an Chomhlaigh agus shainithin muid na bealaí is fearr chun nádúr gnóthach an phoist a bhainistiú. Labhair Patricia faoin dóigh a bhfuil dé-ról cosúil le comhlach / múinteoir fiúntach, spreagúil in ainneoin é a bheith éilitheach.



Ó chlé go deas;

Sraith Chúil - Garreth Fitzpatrick, Darren O'Sullivan, Carmel Boyle, Donal Evoy, Sharon Ryan, Kate Horan, Rachel Ryan, Maria Hyland, Jenny Breen, an Dr Pádraig Kirk

Sraith Thosaigh - Éidínn Gallagher, Stacy Kenny, Clare Catterson, Mary Cody

'Bíodh d'aisling mór, fan dearfach, oibrigh go crua ach bain sult as an turas!'

Táimid ag tnúth leis an gcéad chruinniú eile d'Fhóram na gComhlach, a bheidh ar siúl Dé Sathairn, 25 Aibreán in Ionad Oideachais na hUaimhe.



I gcomhar le tionscnamh Ealaíon na Sraithe Sóisearaí, bhí lúcháir ar fhoireann Theicneolaíocht Adhmaid JCT4 a bheith ag comhoibriú leis an scothcheardaí Willie Creighton le 'Cuir do Dhomhan ag Casadh'. Tá sé mar aidhm againn tacú le cruthaitheacht an mhúinteora trí thurgnamh le deileadh adhmaid agus béim ar úsáid a bhaint as airíonna nádúrtha agus aeistéitíc adhmaid chun déantáin luachmhara a chruthú. Clliceáil [anseo](#) chun gearrthóg físe a fheiceáil ó cheann de na ceardlanna seo.

Ina theannta sin, i mí na Bealtaine beimid ag tógáil ar an gceardlann an-rathúil Lá Líníochta Náisiúnta a bhí ann anuraidh. I mbliana, beimid ag díriú ar an bpróiseas chun smaointe dearaidh a ghiniúint agus ar an gcaoi a spreagtar sinn ag an domhan mórtimpeall orainn.

Clliceáil ar an nasc thíos le haghaidh sonraí



Teicneolaíochtaí

Bhí foireann Jct4 na gComhairleoirí gnóthach ag ullmhú ábhar agus ag éascú ceardlanna FGL 2019 / 2020 agus imeachtaí roghnacha ar fud na tíre. Bhuail muid le múinteoirí don Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid agus tá rún againn tacú leo agus iad ag dul i ngleic leis na sonraíochtaí nua sna hábhair seo.



Mar gheall ar na forbairtí le déanaí, cuireadh ar ceal, de réir threoirlínte de chuid ROS, na ceardlanna a sceidealadh a bhí le rith ón 14 Márta go dtí an 29 Márta. Beidh SSM ag fiosrú cen dóigh is féidir na himeachtaí seo a reáchtáil amach anseo.

Bhí comhoibriú le déanaí idir Jct4 le Foireann SSM do Chlár Foghlama Leibhéal 1 / Leibhéal 2 (CFL1anna/ CFL2nna) agus d'fhorbair siad seimineár gréasáin a dhírigh ar eispéiris foghlama fhéideartha, ar fud na n-ábhar Teicneolaíochta, do scoláirí a ghlacann páirt in CFL2. Ar an oíche, phléigh an fhoireann an scoláire CFL2 trí pheirspictíocht an **mhúinteora Teicneolaíocht Adhmaid** a bhíonn ag plé faoi láthair le scoláirí CFL2 ina sheomra ranga. Is féidir físeán iomlán an tseimineáir ghréasáin a fháil trí chliceáil ar an íomhá.



Bhuail ionadaithe ó Jct4 le 3DWIT agus le I-Form in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge chun ceardlann roghnach a dhearadh a bhreathnaíonn ar chur chuige oideolaíoch a leabú chun iniúchadh a dhéanamh ar phriontáil 3T sa seomra ranga.

Beidh Priontáil 3T sa Seomra Ranga – Cruthaitheacht agus Dearadh, maoinithe i gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ar siúl in ionaid 3ú leibhéal ar fud na tíre. Mar gheall ar na treoirlínte a thug an Roinn Oideachais agus Scileanna le déanaí, cuireadh cuid de na ceardlanna seo ar athló. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gceardlann roghnach seo clliceáil [anseo](#).




3D Printing in the Classroom - Creativity and Design



Teicneolaíochtaí

Ba mhaith le **Foireann Innealtóireachta Jct4** buíochas a ghlacadh leis na 600 múinteoir a d'fhreastail ar ár gcnuascheardlanna FGL i mbliana. Dhírigh FGL na bliana seo ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú, agus béim láidir againn ar an gcleachtas sa seomra ranga Innealtóireachta. Dearadh an cheardlann chun cabhrú le múinteoirí dul i ngleic le gach gné den tsonraíocht Innealtóireachta, trí eispéiris foghlama chomhtháite atá ar fud na dtrí shnáithe. Tá ábhair ár gceardlanna FGL ar fad ar fáil le híoslódáil trí chliceáil [anseo](#).



Bhí foireann **Ghrafaice Jct4** an-ghnóthach ó thús 2020 agus, thar thréimhse naoi seachtaine, ag tosú 9^ú Eanáir, d'éascaigh muid ceardlann Ghrafaice FGL 2019 / 2020 in 60 ionad agus bhí 1265 múinteoir san iomlán i láthair. Tá rannpháirtíocht sna cnuascheardlanna an-dearfach agus táimid ag tnúth le tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí don chuid eile den bhliain acadúil sna spásanna roghnacha. Buíochas mór ó chroí le gach múinteoir a bhí i dteagmháil linn le linn na gcnuascheardlanna.

An advertisement for a graphics competition titled 'Communicating Your Surroundings'. The ad features a central graphic with icons representing various subjects like science, art, and technology. Text includes: 'Throughout the course, students will explore the geometric world to gain an appreciation of the importance of graphics in the world around them.' and 'Graphics specification page 3'. It also lists submission details: 'Teachers are asked to submit entries on their students' behalf to: jct4competitions@jct.ie or by post to: First-year Graphics Exhibition, RIAI, 8 Merrion Square, Dublin 2, D02YE68'. A closing date of 'May 1st 2020' is also mentioned. The RIAI logo is present at the bottom.

Comhpháirtíocht RIAI

Tá an-áthas ar fhoireann Ghrafaice Jct4 a fhógairt go mbeidh siad ag dul i comhpháirt le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). Tá an deis ag na scoláirí sa chéad bhliain den Ghrafaic a gcuid oibre a chur ar taispeáint ag ceanncheathrú an RIAI i mBaile Átha Cliath 2. Is é an spriocdháta d'iontrálacha an 1^ú de Bhealtaine 2020. Chun sonraí iomlána a fháil cliceáil [anseo](#) chun amharc ar ábhar bolscaireachta.

Ba mhaith le foireann Teicneolaíocht Adhmaid Jct4 aitheantas a thabhairt do rannpháirtíocht 1150 múinteoir inár gceardlanna FGL Chnuasaigh i mbliana. Dhírigh FGL na bliana seo ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú, le béim láidir ar chleachtas an tseomra ranga chun tacú le scoláirí agus iad a ullmhú chun dul i ngleic le gach gné den tsonraíocht teicneolaíocht adhmaid trí eispéiris foghlama chomhtháite. Chun rochtain a fháil ar ábhair thacaíochta FGL na bliana seo, cliceáil [anseo](#).



Fíor 1: Múinteoirí ag giniúint smaointe dearaidh FGL 2019/2020.

Seimineáir Ghréasáin do Theicneolaíochtaí

Sa Seimineár Gréasáin **Teicneolaíocht Adhmaid** díreofar ar cheardaíocht lúbthachta agus lannaithe a thabhairt isteach trí thasc dearaidh don scoláire. Úsáidfear cur chuige idirdhisciplíneach chun na trí shnáithe sa teagasc agus san fhoghlaim a bhaineann leis an disciplín seo a chomhtháthú. Le linn an ghréasáin seo, beidh taithí ag rannpháirtithe ar an bpleanáil a bhaineann le haonad foghlama a ghiniúint ar lannú. Déanfar athbhreithniú ar shamplaí d'obair scoláirí chomh maith le teistiméireacht mhúinteoirí ina leagtar amach a machnamh féin ar ghníomhaíochtaí an tseomra ranga. Craolfar an seimineár gréasáin ar 30ú Márta ag 7.30 i.n. Is féidir clárú don seimineár gréasáin trí chliceáil [anseo](#).

Mar chuid den tseachtain de sheimineáir ghréasáin, beidh foireann Ghrafaice Jct4 ag óstáil an dara seimineár gréasáin **Grafaice** dar teideal "Grafaic á cur i nGníomh" ar 1 Aibreán 7.30 - 8.30 i.n.. Craolfaidh foireann Ghrafaice Jct4 beo ar an oíche agus fócas acu ar thuras múinteoirí agus iad ag fiosrú na sonraíochta Grafaice le grúpa ranga de lucht na chéad bhliana. Chun clárú don seimineár gréasáin, cliceáil [anseo](#).

Beidh an seimineár seo ag iniúchadh fadhbréiteach cuspóirdhírthe sa tsonraíocht **Innealtóireacht**. Le linn an tseimineáir ghréasáin seo, cloisfidh rannpháirtithe ó mhúinteoirí faoina thaití maidir le haonad foghlama a phleanáil chun eispéiris foghlama a dhearadh a fhorbraíonn scileanna cumarsáide, comhoibríthe agus taighde. Déanfar athbhreithniú ar shamplaí d'obair scoláirí chomh maith le teistiméireacht mhúinteoirí ina leagtar amach a gcuid machnaimh féin ar eispéiris phleanála agus foghlama. Craolfar an seimineár gréasáin ar 30 Márta ag 6:15 i.n. Is féidir clárú don seimineár gréasáin trí [anseo](#).

Tá sé mar aidhm ag an seimineár gréasáin ar Theicneolaíocht Fheidhmeach straitéisí teagaisc a iniúchadh, cinn a thacóidh le scoláirí sa chéim fionnachtana / iniúchta den treoir dhearaidh. Labhróimid le dearthóirí ón tionscal chun breathnú ar a gcur chuige siúd chun treoir dhearaidh a iniúchadh agus fadhbanna ón saol fíor a réiteach acu. Breathnóimid ar chuid de na scileanna atá ag teastáil ó scoláirí chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar fhadhb. Déanfaimid iniúchadh ansin ar roinnt straitéisí seomra ranga, a trialadh agus a tástáladh le grúpa ranga, a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair ag scoláirí agus iad ag bogadh chun tosaigh go muinéach ina dturas dearaidh. Is féidir clárú trí chliceáil [anseo](#).

Oideachas Reiligiúin

Bhí an chéad chomhfhiontar in Ealaíona na Sraithe Sóisearaí idir foireann Oideachas Reiligiúin SSM agus Leabharlann Chester Beatty ar siúl ar an 11 Márta i Leabharlann Chester Beatty, Baile Átha Cliath. Léirigh an cheardlann ghníomhach dar teideal "Téacsanna Naofa agus Réada Naofa" na bealaí inar féidir le múinteoirí acmhainní idirchreidimh a chruthú sa seomra ranga agus iad ag baint úsáid as téacsanna naofa. Scrúdaigh éascaitheoirí an tráthnóna Jenny Siung agus Justyna Chmielewska ó Leabharlann Chester Beatty, scrúdaigh siad téacsanna agus déantáin ag baint úsáid as cur chuige tadhlach / cinéistíseach agus thug siad cuairt ar an iarsmalann do na múinteoirí ó réimse ábhar a bhí i láthair.



Acmhainní

Amharc ar ár suíomh gréasáin www.jct.ie áit a bhfaighidh tú acmhainní do gach ábhar sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear ábhair cheardlanna, príomhdhoiciméid, ábhair mheasúnaithe, póstaer agus iarsheimineáir ghréasáin srl. na bliana seo agus na mblianta roimpi.

The image displays three screenshots of the Junior Cycle for Teachers (JCT) website, illustrating navigation paths. The top screenshot shows the main homepage with a grid of subject tiles. A blue arrow points from the 'Publications' link in the top navigation bar to a 'Publications' page listing various resources like 'Subject Information Leaflets' and 'Articles'. Another blue arrow points from the 'History' tile in the grid to a 'History' page with icons for 'Key Documents', 'News/Events', 'CPD Workshops', 'Planning', 'Assessment', and 'Resources'. A third blue arrow points from the 'L1/L2LPs' tile in the grid to a 'Planning' page containing a list of planning documents such as 'Whole School Planning for Short Courses' and 'CSPE and Wellbeing - Planning'.